Is adhbhal an amhnáire

[Mac Niocaill, Gearóid: Duanaire Ghearóid Iarla (*Studia Hibernica*, 3, 1963, 7ff.), poem 10]

1 Is adhbhal an amhnáire
tré réad de chaoineas comainn
ná gabhaid mar adhnáire
bheith ’gá iomardadh orainn.

2 Ní ar dhaoinibh daoscaire
do thréigfinn ní nach dingninn,
gion gur garbh ar n-aontai-ne
is ar m’aigneadh féin imrim.

3 Maoidhim mo bheith tuilchiontach -
ráidh ré dtabhair guth orainn -
má do bhac as muintearas
do neach díobh, gibé fochainn.

4 Tiocfaidh díobh den torainnse
gé do bheinn tríd gan oighre
gan bhreith ar an gcolainnse
acht an bhreath bhias ’gan gCoimdhe.

5 Go roiche Críost ceirtbhreathach
’na dhún Diarmaid mac Cormaic,
macámh nach raibh leithbhreathach,
craobh a fionnchoilltibh Fhorghais.

6 Mac Í Dhuibhne deaghchraidhe
do char caoimhinghin Chormaic,
mása fíor dár leabhairne
ní raibh sé i ngaol ....

7 Ní hadhbhal dam daghdhóchas
do bheith agam a Muire,
inghean Iaichim ardghlórmhar,
máthair airdríogh na cruinne.